C/2024/6815

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Gréige

(C/2024/6815)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Ghréig caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair, agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Ghréig ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh di, nó a bhféadfadh baol a bheith ann go ndéanfaidís difear di, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Gréige 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro') an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus faireachas buiséadach iltaobhach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle ([6]) arna leasú maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ón gComhairle ([7]) arna leasú maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus sa mheántéarma an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, nó é a choinneáil faoi bhun an luach tagartha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóiriúcháin agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 27 Aibreán 2021, chuir an Ghréig a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige ([9]), a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an nGréig. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 30 Aibreán 2024, thíolaic an Ghréig a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Gréige maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don Ghréig. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Gréige ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Gréige ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an nGréig. I mí Aibreáin 2024 foilsíodh príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Gréige. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Ghréig tar éis míchothromaíochtaí iomarcacha a bheith sainaitheanta maidir léi in 2023. Go háirithe, tá leochaileachtaí os comhair na Gréige a bhaineann le fiachas ard rialtais agus iasachtaí neamhthuillmheacha móra i gcomhthéacs na dífhostaíochta airde, leochaileachtaí atá fós ábhartha ach a bhfuil laghdú mór tagtha orthu agus a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh laghdú breise orthu. Mar sin féin, tá an staid sheachtrach lag i gcónaí. Tá an cóimheas fiachais rialtais–OTI fós ag dul i laghad, agus cé go bhfuil sé fós ard ag beagnach 162 % in 2023, is cosúil go bhfuil na rioscaí gearrthéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fiachais íseal. Ba é an fás OTI ainmniúil ba chúis mhór le laghdú tapa an chóimheasa fiachais–OTI le blianta beaga anuas, agus tá coinne leis go dtiocfaidh feabhas breise ar na hiarmhéid bhuiséadacha, rud lena n-áiritheofar go leanfaidh sé de bheith ag dul i laghad. Tháinig laghdú nach beag ar an easnamh sa chuntas reatha in 2023, rud a leathnaigh go mór thar na blianta ó 2020 go 2022, ach tá sé fós ard i gcomhthéacs an éilimh bhuacaigh intíre. Ní mheastar go dtiocfaidh ach feabhsaithe imeallacha ar an gcuntas reatha i mbliana agus sa bhliain seo chugainn toisc go réamh-mheastar go gcoinneofar na hallmhairí ard leis an bhfás láidir ar an infheistíocht. Tháinig feabhas ar an gcóimheas an-diúltach idir an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta agus OTI anuraidh freisin de dhroim an fháis

([9]) ST 10152/21 INIT; ST 10152/21 ADD 1.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige (ST 15831/23 INIT; ST 15831/23 ADD 1).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

aird ar OTI ainmniúil, ach tá sé fós ar an gcóimheas is laige san Aontas. Tá laghdú mór tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha le blianta beaga anuas agus lean an laghdú sin in 2023, ach tá réiteach na n-iasachtaí neamhthuillmheacha lasmuigh den earnáil baincéireachta fós mall, agus dá dheasca sin tá siad fós ina n-ualach ar an ngeilleagar. Tháinig méadú ar an bhfostaíocht agus tháinig laghdú breise ar an dífhostaíocht cé go bhfuil sí fós sách ard. Is léir gur chuidigh blianta de ghníomhaíocht leanúnach beartais agus d'athchóirithe struchtúracha fairsinge chun na leochaileachtaí a sainaithníodh a laghdú. Tá sé ríthábhachtach go fóill an staid fhioscach stuama a choinneáil ar bun agus an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go tráthúil chun feabhas a chur ar an iomaíochas agus chun athchothromú an gheilleagair a áirithiú, lena n-áirítear maidir leis an staid sheachtrach.

(11) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Gréige ó 2,5 % de OTI in 2022 go 1,6 % in 2023, agus thit an fiachas rialtais ghinearálta ó 172,7 % de OTI ag deireadh 2022 go 161,9 % ag deireadh 2023.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ngníomhódh ([12]) an Ghréig chun beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh ([13]), agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. An tráth céanna, moladh don Ghréig an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Mhol sí don Ghréig freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh a leathnú, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([14]) forleathnaitheach, faoi 0,5 % de OTI, i gcomhthéacs boilsciú ard. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach 0,6 % de OTI leis an staid fhioscach agus bhí sé i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Bhí an ranníocaíocht chrapthach de chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta mar thoradh ar laghdú 2,7 % de OTI i gcostas na mbeart tacaíochta éigeandála (spriocdhírithe agus neamh-spriocdhírithe) do theaghlaigh agus gnólachtaí mar fhreagairt ar arduithe ar phraghsanna fuinnimh. Ba iad aistrithe sóisialta, pinsin san áireamh, na príomhchúiseanna leis an bhfás sa chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais 2,5 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 2,6 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,2 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Ghréig infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh an Ghréig infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, amhail tacaíocht d'úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh nua san eangach leictreachais, beart a éascaítear tríd an mbonneagar tarchurtha a uasghrádú agus cabhair airgeadais a sholáthar do FBManna chun go mbeidís in ann réitigh dhigiteacha a ghlacadh. Cistítear an infheistíocht phoiblí sin leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(13) I gClár Cobhsaíochta 2024, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tá sé beartaithe go bhfásfaidh an fíor-OTI 2,5 % in 2024 agus 2,6 % in 2025, agus tá sé beartaithe gurb éard a bheidh i mboilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) 2,6 % in 2024 agus 2,0 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 1,2 % de OTI in 2024 agus go 0,9 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 152,7 % faoi dheireadh 2024 agus go 146,3 % faoi dheireadh 2025. Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 i gClár Cobhsaíochta 2024.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 2,2 % in 2024 agus 2,3 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas le ICPT ag 2,8 % in 2024 agus 2,1 % in 2025.

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Gréige agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Gréige (IO C 334, 1.9.2022, lch. 60).

([13]) Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 4,5 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Ghréig in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta de 1,2 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le laghdú go 153,9 % faoi dheireadh 2024. Den chuid is mó léiríonn laghdú an easnaimh in 2024 fás maolaithe na sochar sóisialta i gcomparáid le fás ioncaim. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach forleathnaitheach ag 0,3 % de OTI in 2024.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 1,5 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 1,0 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas arna mhaoiniú le deontais ón tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta nó fiacha na Gréige. Meastar, le hiasachtaí ón tSaoráid in 2023 agus 2024 araon, go dtacófar le caiteachas ar fiú is lú ná 0,1 % de OTI é, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(17) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle ([15]) don Ghréig beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 2,6 % a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ([16]) in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, de bhun na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,8 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Gréige a mhaoinítear go náisiúnta in 2024 ([17]), atá faoi bhun an uasráta fáis a mholtar. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ghréig gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Ghréig a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 0,0 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([18]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gur 0,1 % a bheidh i gceist in 2024, agus 0,1 % in 2025. Go háirithe, glactar leis go bhfanfaidh an méadú ar an liúntas téimh agus an tobhach speisialta ar dhíosal d'fheirmeoirí a tugadh ar ais arís i bhfeidhm in 2024 agus 2025, cé nach mbeidh ach tionchar beag acu ([19]). Rinneadh na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh in 2023 agus 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Ghréig infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi ó 2,6 % de OTI in 2023 go 2,4 % de OTI in 2024. Is é uainiú chlárthréimhse chistí struchtúracha an Aontais is cúis leis sin. Go háirithe, glactar leis go bhfuil ráta cómhaoinithe an Aontais do na hinfheistíochtaí faoin gclár nua níos airde ná ráta na n-infheistíochtaí faoin gclárthréimhse roimhe sin. Mar thoradh air sin, tagann laghdú ar an gcaiteachas cómhaoinithe náisiúnta ar infheistíochtaí. Ní hé an laghdú ar infheistíocht is príomhchúis leis an gcoigeartú fioscach in 2024. Agus na tosca breise sin á gcur san áireamh, meastar go bhfuil an infheistíocht phoiblí in 2024 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go dtiocfaidh méadú air ó 2,5 % de OTI in 2023 go 3,4 % de OTI in 2024.

(20) De bhun bearta beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 0,8 % de OTI in 2025. Léiríonn laghdú an easnaimh in 2025 den chuid is mó an laghdú ar an gcaiteachas úis agus ar

([15]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Gréige um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gréige 2023 (IO C 312, 1.9.2023, lch. 67).

([16]) Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([17]) Cuirtear san áireamh leis sin bearta aonuaire de 0,1 % de OTI in 2024, a bhaineann le caiteachais ar thionchar tubaistí nádúrtha a mhaolú (chomh maith le 0,2 % de OTI in 2023, a bhaineann le caiteachais tar éis na dtubaistí nádúrtha freisin). An 14 Iúil 2023 thagair an Chomhairle freisin do na tuilte tubaisteacha a bhuail an Iodáil i mí na Bealtaine 2023 agus d'aontaigh sí go gcuirfí costas na tacaíochta éigeandála dírí a bhain leis na tuilte sin san áireamh i measúnuithe ar chomhlíonadh ina dhiaidh sin agus go measfaí, i bprionsabal, gur bearta aonuaire agus sealadacha a bhí ann. Leanadh cur chuige den chineál céanna maidir leis na tuilte sa Ghréig.

([18]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

([19]) Na bearta a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh 2024, de réir na Gréige, glactar leis, i bprionsabal, i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go mbeidh tionchar buiséadach acu freisin in 2025.

fhás maolaithe an phárolla phoiblí. Meastar go laghdóidh an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go 149,3 % faoi dheireadh 2025. Léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 príomhbharrachas atá ag dul i méid agus fhás OTI ainmniúil den chuid is mó, chomh maith le coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic. Ba cheart go gcuideodh beartas fioscach stuama le neartú na staide seachtraí freisin.

(21) Agus forbairt á déanamh ar na dea-chleachtais agus ar na hathchóirithe a rinneadh mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear athchóiriú nua arb é is aidhm dó iarrachtaí na Gréige a neartú a thuilleadh chun imghabháil cánach a chomhrac, tá deis ann fós an creat beartais cánach a neartú a thuilleadh chun a chur ar chumas na Gréige tuilleadh infheistíochtaí a mhealladh, agus an bhearna infheistíochta atá fós suntasach a laghdú ar an mbealach sin. Go háirithe, dá dtabharfaí isteach réamhchóras rialaithe cánach níos leithne i gcomhréir le dea-chleachtais an Aontais, d'fhéadfaí léirmhíniú trédhearcach ar an dlí cánach atá ann cheana a thabhairt do cháiníocóirí, rud a thabharfadh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr d'infheisteoirí. Ina theannta sin, trí dhlús a chur le hiarrachtaí chun acmhainneacht an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí a leathnú, d'fhéadfaí cuidiú le comhlíonadh cánach a mhéadú a thuilleadh.

(22) Tá an Ghréig ag leanúint de bhearta a dhéanamh chun a riarachán poiblí a nuachóiriú, ach tá deis ann fós a éifeachtúlacht a mhéadú a thuilleadh. Tar éis coigeartú suntasach tar éis 2010, rinneadh méid agus costas a riaracháin phoiblí a ailíniú go ginearálta le meán an Aontais. D'fhan bille pá earnáil phoiblí na Gréige cobhsaí in 2023 ag 10,8 % de OTI, rud a bhí beagán os cionn mheán an Aontais (10,2 % de OTI). Bhí an coigeartú lamháltas, lena n-áirítear le haghaidh poist a mbaineann freagrachtaí bainistíochta leo, a tháinig i bhfeidhm ag tús 2024, comhsheasmhach leis an ngreille pá aontaithe, mar a cuireadh i bhfeidhm iad ar fud an riaracháin phoiblí. Chun na gnóthachain sin a chosaint amach anseo is gá an méid seo a leanas a dhéanamh: cur i bhfeidhm leanúnach na greille pá aontaithe a áirithiú, agus na leibhéil foirne atá ann faoi láthair á gcoinneáil ar bun an tráth céanna tríd an riail earcaíochta 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a chur i bhfeidhm go leanúnach maidir le baill foirne bhuana; agus an uasteorainn maidir le baill foirne shealadacha a tugadh isteach in 2022 a choinneáil ar bun. Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun éifeachtacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear creat rialachais il-leibhéil a glacadh in 2023 a bhunú. Chun go dtiocfaidh na feabhsuithe a bhfuil coinne leo ar an gcomhordú idir na leibhéil lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla chun cinn, meastar go mbeidh an creat sin, lena n-áirítear na struchtúir rialachais agus an córas faisnéise atá beartaithe, ag feidhmiú go hiomlán le linn 2024.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Gréige leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Ghréig leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha agus cumas láidir riaracháin á áirithiú san am céanna. Tá bearta glactha ag údaráis na Gréige chun feabhas a chur ar an gcur chun feidhme agus chun borradh a chur faoin acmhainneacht riaracháin, agus tá bearta sonracha breise sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a mheastar a chuideoidh leis an gcuspóir sin a bhaint amach. Áirítear an méid seo a leanas ar na dúshláin shonracha atá os comhair na Gréige: (i) próisis fhada dlíthíochta chun aghaidh a thabhairt ar éilimh dhlíthiúla in aghaidh nósanna imeachta soláthair phoiblí, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar an dáta críochnaithe atá beartaithe d'infheistíochtaí tar éis mhí Lúnasa 2026; (ii) aistriú mall ceart maoine; agus (iii) comhordú lag, rud atá follasach go háirithe maidir le hinfheistíocht agus athchóirithe lena gcumhdaítear réimsí beartais a théann thar shainchúram aireacht amháin. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(24) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar na cláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), tá sé de cheangal ar an nGréig gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an nGréig maidir leis na cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. Go háirithe, tá fás mall fós á chlárú ag an nGréig sna réigiúin níos forimeallaí agus tá éagothromaíochtaí nach beag á gclárú aici idir

([20]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe, mar aon le hacmhainneacht riaracháin a neartú, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Tá na tosaíochtaí a comhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Go háirithe, tá gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear cumas nuálaíochta cuideachtaí agus lena ndírítear ar thacaíocht ghnó spriocdhírithe araon ríthábhachtach chun borradh a chur faoin iomaíochas. Mar chuid den aistriú glas, tá gá le hinfheistíocht i mbainistiú dramhaíola chun spriocanna athchúrsála a bhaint amach agus chun líonadh talún a laghdú. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar bhainistiú uisce ar bhealach cuimsitheach, lena gcuimsítear bainistiú uisce agus fuíolluisce, aisghabháil fuinnimh, digitiú, athúsáid uisce, uisce báistí agus díshalannú inbhuanaithe atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Tá sciar níos mó d'fhuinneamh in-athnuaite, réitigh stórála agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, riachtanach le haghaidh an aistrithe fuinnimh. Tá sé ríthábhachtach freisin sciar an iompair uirbigh ghlain a mhéadú chun neodracht carbóin a bhaint amach. Ba cheart do na cláir beartais comhtháthaithe leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i scileanna, ar bhonn straitéis chuimsitheach, chun an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme, chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus tithíocht shóisialta ardcháilíochta agus inacmhainne a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar ghníomhachtú pobal imeallaithe, mar shampla Romaigh agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, sa mhargadh saothair agus ar a lánpháirtiú sóisialta. I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar na cláir beartais comhtháthaithe, ba cheart níos mó aird a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a chosc agus ar an ullmhacht ina leith. D'fhéadfadh an Ghréig an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), a ghiaráil freisin chun tacú lena claochlú tionsclaíoch, go háirithe táirgeadh agus stóráil fuinnimh ghlain, loingseoireacht ghlas agus biteicneolaíocht, agus forbairt scileanna glasa agus scileanna digiteacha.

(25) Anuas ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin bhreise os comhair na Gréige a bhaineann leis an bhfás eacnamaíoch, an creat rialála agus uas-sciliú an lucht saothair, dúshláin lena bhféadfaí borradh a chur faoi iomaíochas na tíre dá dtabharfaí aghaidh orthu. Cé go bhfuil an ráta fostaíochta ag dul i méid, tá sé i measc na rátaí fostaíochta is ísle san Aontas agus tá rochtain ar an margadh saothair fós dúshlánach, go háirithe i gcás ban agus an aos óg. Maidir leis an oideachas, tá bearta déanta ag an nGréig le blianta beaga anuas chun curaclaim a athbhreithniú, lena n-áirítear i gcomhthéacs an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus chun roinnt cúrsaí maidir le scileanna boga agus digiteacha a chomhtháthú iontu. Mar sin féin, tá an fheidhmíocht sna mbunscileanna fós an-íseal, rud a bhaineann an bonn de thorthaí an mhargaidh saothair, den táirgiúlacht agus den iomaíochas. Léirítear é sin le feidhmíocht daltaí 15 bliana d'aois sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht, ar feidhmíocht í atá ag dul in olcas go mór ó bhí 2012 ann agus atá ar an bhfeidhmíocht is ísle san Aontas, de réir an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí is déanaí de chuid ECFE. Le sciar ard agus méadaitheach na ndaltaí tearcfheidhmíochta, lena n-áirítear iad siúd a thagann ó chúlraí a bhfuil buntáiste níos mó ag baint leo, agus sciar íseal na ndaltaí barrfheidhmíochta, léirítear dúshláin struchtúracha maidir le cáilíocht agus cothromas an chórais oideachais. Tá an Ghréig ar an leibhéal deireanach i measc na mBallstát freisin i dtéarmaí rannpháirtíochta in oideachas na luath-óige de réir shonraí Eurostat 2019 maidir le leanaí 3 bliana d'aois agus níos sine, agus i measc mheánraon na mBallstát i dtéarmaí cúram leanaí foirmiúil do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois, le ráta rannpháirtíochta 29,6 % (bunaithe ar shonraí 2023). Tuigtear go bhfuil tionchar dearfach aige sin ar thorthaí oideachais ina dhiaidh sin. Is féidir na dúshláin a bhaineann an bonn de thorthaí oideachais na Gréige a nascadh leis na nithe seo a leanas: (i) tearcmhaoiniú an chórais oideachais; (ii) béim neamhleor a chur ar mhodhanna teagaisc agus foghlama atá bunaithe ar inniúlachtaí agus béim láidir á leagan ar scileanna fiontraíochta, boga agus idirdhisciplíneacha; (iii) leibhéil ísle neamhspleáchais scoile; agus (iv) dul chun cinn teoranta ó thaobh meastóireacht chórasach ar mhúinteoirí.

(26) Is tosaíochtaí tábhachtacha fós iad seirbhísí don phobal a fheabhsú agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch, fhioscach agus aeráide a mhéadú. Sa chomhthéacs sin, tá deis ann tuilleadh feabhais a chur ar bhainistiú sócmhainní stáit, lena n-áirítear trí fhiontair faoi úinéireacht stáit a nuachóiriú agus réadmhaoin phoiblí a fhorbairt. I gcás cuideachtaí áirithe faoi úinéireacht stáit, cuireadh roinnt athchóirithe chun feidhme go rathúil, rud a chuidigh le solúbthacht oibríochtúil agus neamhspleáchas tráchtála a mhéadú, a n-acmhainneachtaí bainistíochta inmheánaí a neartú agus a mbeartais agus a bpróisis soláthair, luacha saothair agus fruilithe a fheabhsú. Rachadh macasamhlú cleachtas mar sin chun tairbhe d'fhiontair eile faoi úinéireacht stáit chun luach méadaithe a sholáthar don tsochaí agus don gheilleagar araon. Tá ról lárnach ag an gCorparáid Heilléanach um Shócmhainní agus Rannpháirtíochtaí agus ag a fochuideachtaí maidir le sócmhainní stáit mar sin a bhainistiú. Tá machnamh á dhéanamh ar an gcaoi le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na corparáide sin a fheabhsú a thuilleadh, mar shampla trína cumas eagraíochtúil agus feidhmiúil a mhéadú, agus trína neamhspleáchas oibríochtúil agus a saineolas infheistíochta inmheánach a neartú.

([21]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

(27) Le ceadúnú comhshaoil mall mar gheall ar bhearnaí rialála, i measc nithe eile, leantar de bhac a chur ar infheistíocht ar an leibhéal lárnach agus réigiúnach. Tá ceadúnú comhshaoil ina dhlúthchuid den phróiseas ceadúnúcháin foriomlán d'aon chineál infheistíochta agus tá an próiseas chun cead comhshaoil a fháil casta agus fada. Go háirithe, níl aon aicmiú comhshaoil ann fós le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh ná coinníollacha lena gcinntear na himthosca faoinar féidir gníomhaíochtaí tionsclaíocha a bhfuil tionchar teoranta acu ar an gcomhshaol a cheadúnú. Ní mór na critéir le haghaidh cásanna ina bhfuil gá le próiseas simplithe ceadaithe i ngeall ar athruithe neamhshubstaintiúla a leagan amach freisin. Mar gheall ar an easpa gníomhartha rialála chun cabhrú leis na saincheisteanna sin a réiteach, cuirtear cosc ar aon tionchar a bheith ag feabhsuithe reachtacha a tugadh isteach roimhe seo chun ceadúnú comhshaoil a bhunú ar chritéir níos réasúnaí agus níos rioscabhunaithe. Dá nglacfaí na gníomhartha rialála sin atá ar feitheamh, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige sin ar am agus ar cháilíocht na measúnuithe comhshaoil le haghaidh ceadanna nua nó ceadanna leasaithe/athnuachana araon le haghaidh na n-infheistíochtaí lena mbaineann. Thairis sin, in ainneoin gur cuireadh an creat rialála i gcrích chun measúnóirí comhshaoil ón earnáil phríobháideach a chur in úsáid, tá an chlárlann ábhartha fós gan saothrú agus níl an córas curtha i bhfeidhm go fóill. Dá gcuirfí an creat rialála i gcrích tríd an reachtaíocht thánaisteach atá in easnamh a ghlacadh agus trí chóras na measúnóirí comhshaoil príobháideacha deimhnithe a oibríochtú, chuideofaí le timpeallacht ghnó na Gréige a neartú, ós rud é go meastar go laghdófar leo sin scrogaill sa phróiseas ceadúnúcháin comhshaoil agus go gcuirfear borradh faoi mhuinín na n-infheisteoirí. Meastar go n-éascófar infheistíochtaí leis na gníomhaíochtaí beartais thuasluaite atá beartaithe an táirgiúlacht a mhéadú agus an bonn onnmhairiúcháin a leathnú, agus ar an mbealach sin spleáchas ar allmhairí a laghdú, an t-ionchas fáis a fheabhsú agus tacú leis an athchothromú seachtrach chomh maith le leachtú míchothromaíochtaí stoic.

(28) In ainneoin na n-iarrachtaí a rinne an Ghréig, go háirithe trí sciar na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh ina tairgeadh leictreachais foriomlán a leathnú, tá an Ghréig fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, agus bhí a meascán fuinnimh comhdhéanta de 55 % ola agus de 20 % gáis in 2022. Cé go bhfuil roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí a mheastar a chuirfidh dlús le hiarrachtaí dícharbónaithe na Gréige i gcaibidil REPowerEU a cuireadh le plean athbhreithnithe téarnaimh agus athléimneachta na Gréige, tá gá fós le gníomhaíochtaí breise chun spleáchas na Gréige ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Tá ceann de na flíteanna feithiclí is sine san Aontas ag an nGréig agus tá úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh san iompar fós an-íseal. Mar thoradh air sin, tá earnáil iompair na Gréige fós ar cheann de na hastaírí dé-ocsaíde carbóin is mó. Chun dlús a chur le leictriú na hearnála iompair, d'fhéadfaí an bealach a réiteach trí bheartas níos uaillmhianaí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin catagóirí na bhfeithiclí a leathnú a cheanglaítear orthu faoin Dlí Aeráide náisiúnta aistriú ó innill dócháin go mótair leictreacha agus tarraingt siar feithiclí a bhfuil truailliú mór ag baint leo a fhorfheidhmiú.

(29) Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar mhinicíocht agus ar dhéine na dtubaistí nádúrtha a dhéanann difear don Ghréig, tá brú mór ar an gcóras cosanta sibhialta. In 2023, bhí an Ghréig thíos le falscaithe agus tuilte tromchúiseacha, rudaí ba chúis le básanna daoine, le díobháil thubaisteach don chomhshaol nádúrtha agus le damáiste forleathan do mhaoin agus do bhonneagar. Meastar go gcuirfidh infheistíochtaí sa chosaint shibhialta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoi na cláir beartais comhtháthaithe borradh faoi acmhainneachtaí freagartha do thubaistí. Mar sin féin, d'fhéadfaí na hiarrachtaí coisctheacha a neartú a thuilleadh. Le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an luathrabhaidh, díonadh an bhonneagair ar an athrú aeráide agus bearta eile chun rioscaí a chosc, d'fhéadfaí bearta ullmhachta a chomhlánú agus cuidiú leis an damáiste a dhéanfaidh tubaistí nádúrtha amach anseo a laghdú. Thairis sin, d'fhéadfadh raon feidhme na n-infheistíochtaí díriú ar ghníomhaíochtaí a chuireann leis an athléimneacht trí aghaidh a thabhairt ar chosc agus ar ullmhacht agus trí chineálacha cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais a úsáid.

(30) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidithe choitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na Gréige, cuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) leis an gcéad mholadh, an dara moladh, an tríú moladh, an ceathrú moladh agus an cúigiú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro.

(31) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúide maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1), (2) agus (3). Na beartais dá dtagraítear i moladh (1), cuidíonn siad le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas rialtais, an staid sheachtrach agus iasachtaí neamhthuillmheacha. Tacaíonn na beartais dá dtagraítear i moltaí (2) agus (3) le fás ionchasach OTI, agus mar thoradh air sin, cuidíonn siad freisin le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1). Cuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus ó thaobh na moltaí a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme, i gcomhréir le haithris 30,

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ghréig in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar ghlanchaiteachas ([22]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach *inter alia* leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte sa mheántéarma agus le heasnamh ginearálta an rialtais a choinneáil faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Leanúint den chóras cánachais a dhéanamh níos fabhraí don infheistíocht trína dheimhneacht dhlíthiúil a threisiú agus leanúint de neamhspleáchas oibríochtúil an údaráis cánach a mhéadú. Éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a chosaint agus a áirithiú san am céanna gur féidir leis na scileanna cearta a mhealladh chuige, comhsheasmhacht leis an ngreille pá aontaithe a chaomhnú agus an creat rialachais il-leibhéil a oibríochtú. A áirithiú go leanfaidh comharduithe seachtracha de bheith ag feabhsú go seasta trí fhás cothrom a chur chun cinn agus trí thacú le hinfheistíocht tháirgiúil intíre. Leanúint den laghdú leanúnach ar stoc na n-iasachtaí neamhthuillmheacha atá i seilbh banc agus seirbhíseoirí creidmheasa, lena n-áirítear trí na próisis ríomhcheantála a fheabhsú a thuilleadh chun cóimheas na gceantanna nár éirigh leo a laghdú.
2. An acmhainneacht riaracháin a neartú chun cistí an Aontais a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun a áirithiú go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcrích faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar na cláir sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, gníomhú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais maidir le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a chosc agus ullmhacht ina leith, agus na deiseanna a chuireann tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh an tráth céanna.
3. Borradh a chur faoin iomaíochas trí dhul i ngleic le tearcghnóthachtáil sna bunscileanna, trí bhainistiú sócmhainní stáit a threisiú agus tríd an gcreat rialála maidir le ceadúnú comhshaoil a thabhairt chun críche.
4. An spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair. Bainistiú tubaistí nádúrtha a neartú trí chóras éifeachtach luathrabhaidh agus coiscthe riosca a chur i bhfeidhm.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

([22]) De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.